An Lárionad um Fhorbairt
agus Oideachas na Luath-Óige

Páirtíocht Tuismitheoirí in Oideachas na Luathbhlianta, ag díriú go háirithe ar Thaistealaithe

Giota d'obair ar siúl

le Anne Boyle

Sa Tuarascáil Luachála Náisiúnta um Réamhscoileanna do Thaistealaithe, moladh, "Ní mór do gach réamhscoil…polasaí a fhorbairt agus a chur i ngníomh chun páirtíocht tuismitheoirí a spreagadh" (lch. 86). Beidh comhpháirtíocht dhílis idir na tuismitheoirí agus na hoideachasóirí chun leasa a linbh agus cinnteoidh sí leanúnachas idir an baile agus an scoil.

D'eascair réamhscoileanna do Thaistealaithe as an imní a bhí ann maidir leis an líon beag leanaí Thaistealaithe a bhí ag freastal ar an mbunscoil, faoi mar a thuairisc An Coimisiún Taistil 1963. Bunaíodh iad mar thoradh ar iarracht dheonach agus tá siad páirtmhaoinithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ó na 1970idí mar cheann de na cláir chúitimh do leanaí Thaistealaithe. Sna 1970idí glacadh leis go raibh Taistealaithe faoi easnamh agus b'é an réiteach a measadh a bheith ann ná iad a athrú go mbeidís níos cosúla leis an móramh. Scríobh an tSiúr Colette Dwyer sa bhliain 1974, "Ní mhúintear riamh do leanbh de chuid an Lucht Taistil labhairt – piocann sé suas an méid is féidir leis ón bhfoclóir teoranta a chloiseann sé á úsáid ag na leanaí is sine agus ag daoine fásta. Tá taithí linbh de chuid an Lucht Taistil, i gcomparáid le leanbh de chuid an phobail shuite, thar a bheith teoranta" (*Travelling People*, lch. 94). Bhí an dearcadh seo maidir le leanaí mionlaigh coitianta sna Stáit Aontaithe freisin, dar le William Labov ina anailís den Chlár Headstart.

Is bealach amháin é comhpháirtíocht fhiúntach le tuismitheoirí chun cinntiú go léirítear cúlra cultúrtha an linbh agus cinntí oideachasúla á ndéanamh. Deir Kathleen Lynch, "Caillteart cuid mhór tallainne agus ceangail nuair nach n-aithnítear difríocht chultúrtha sa scolaíocht". I dTuarascáil an Tascfhórsa ar Phobal an Lucht Taistil i 1995, moladh gur cheart "comhairliúchán agus comhpháirtíocht tuismitheoirí i réamhscoileanna…a spreagadh agus a fhorbairt" (FR41, lch. 173). De réir an taighde a rinne mé sa bhliain 1995, léiríodh go raibh páirtíocht theoranta ag tuismitheoirí i bhfeidhmiú réamhscoileanna do Thaistealaithe (M.Oid. tráchtas, Coláiste na hOllscoile, Gaillimh).

Tá ceart bunreachtúil ag tuismitheoirí maidir le páirtíocht in oideachas a gcuid leanaí agus tá béim leagtha air sin ag cáipéisí beartais agus ag tuairscí thar na blianta.

Nuair a reáchtáladh Réamhscoileanna píolótacha Túis Luaith i 1994, bhí páirtíocht tuismitheoirí fite isteach sa chlár ar thrí bhealach:

- Bhí tuismitheoirí i láthair sa seomra ranga.
- Cuireadh gníomhaíochtaí foghlamtha chun an bhaile.
- Cúrsaí do thuismitheoirí.

Dar leis na luacháilacha ar an gclár, bhí tuismitheoirí páirteach i gach ceann den trí ghné go pointe éagsúil. Is tionscnamh eile é an Scéim Teagmhála Baile, Scoile is an Phobail a chuireann "comhpháirtíocht idir tuismitheoirí agus múinteoirí" chun tosaigh (Conaty, lch. 69).

Tá comhpháirtíocht riachtanach do Pháirtíocht Tuismitheoirí, mar aon le cóimheas ar an éagsúlacht agus comhuinín idir tuismitheoirí agus an scoil. Chun go mbeadh sé seo fiúntach, ní mór dul i mbun comhrá. Deir Paulo Freire, "Gan comhrá, ní féidir aon chumarsáid a dhéanamh, agus gan cumarsáid, ní féidir gurb ann don fhíoroideachas" (lch. 65).

Éilíonn na tuarascálacha Tascfhórsa agus Luachála fáil dhíreach a bheith ag tuismitheoirí ar an scoil, gan idirghabhálaithe. Ba cheart go ndíreodh meicníochtaí i leith páirtíochta tuismitheoirí ar gach tuismitheoir agus ní amháin orthu siúd a mbíonn sé níos éasca orthu cumarsáid a dhéanamh leis an scoil.

Is bealach amháin é Páirtíocht Tuismitheoirí chun cinntiú go léirítear cultúr an bhaile sa scoil. Deir Louise Derman Sparks “nuair a dhíluachálann scoileanna láidreachtaí chultúr an bhaile nó nuair a theipeann orthu iad a aithint … baineann siad ar shiúl na huirlisí atá ag an teaghlach agus ag an leanbh chun a bheith éifeachtach”. Taispeánann sí freisin mar a léiríonn daoine go bhfuil cothromaíocht neamhchosanta idir an éagsúlacht agus an míbhuntáiste agus go mbíonn íobartach fhadhb sochaí á aithint mar fhoinse na faidhbe. Nuair a tharlaíonn a leithéid meastar an leanbh a bheith faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar an difríocht, agus meastar é a bheith faoi easnamh le hais an mhóraimh.

Teastaíonn oiliúint d’oideachasóirí agus do thuismitheoirí chun comhpháirtíocht a thógáil a bheidh chun leasa an linbh, an teaghlaigh agus na scoile, comhpháirtíocht atá bunaithe ar chomhuinín agus ar chóimheas ar an eagsúlacht.